Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2022
(OR. en)

6429/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0374(NLE)**

SCH-EVAL 23
SIRIS 27
COMIX 89

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Feabhra 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5895/22 |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar **Éirinn** i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Éirinn i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2021 ar Éirinn i ndáil leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[1], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle an 18 Samhain 2020 maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha acquis Schengen maidir le cosaint sonraí agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach fhorálacha áirithe an acquis céanna sin in Éirinn[2], agus go háirithe Airteagal 2 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.
2 IO L 393, 23.11.2020, lch. 3.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí an Mheithimh 2021, rinneadh meastóireacht Schengen ar Éirinn i réimse Chóras Faisnéise Schengen. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 8080 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil lena gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe, ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba mhór ag an bhfoireann ar an láthair na sár-iarrachtaí a bhí déanta ag Éirinn i réimse na hoiliúna, le dlúth-rannpháirtíocht bhainistíocht na nGardaí ar gach leibhéal, agus meastar gur dea-chleachtas iad do Bhallstáit eile.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir leis na bearta feabhais a bheidh le déanamh in Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé acquis Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1-8.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh d'aon mhí amháin ó dháta a ghlactha, ba cheart d'Éirinn, i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 agus le hAirteagal 2(5) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na heasnaimh arna sainaithint sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

ba cheart d'Éirinn

1. a áirithiú go mbeidh rochtain ar shonraí a chuirtear isteach i gCóras Faisnéise Schengen ag na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 40 de Chinneadh 2007/533/CBG ón gComhairle, agus ag na húdaráis sin amháin, agus nach dtabharfar an rochtain sin d'fhoireann Sheirbhís Inimirce na hÉireann, mar sheirbhís riaracháin atá i gceannas ar chinntí a dhéanamh a bhaineann le fanacht náisiúnach tríú tír ar an gcríoch;

2. a áirithiú go dtabharfar rochtain d'údaráis chustaim na hÉireann ar Chóras Faisnéise Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 40(1)(b) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

3. a áirithiú go dtabharfar rochtain do na seirbhísí atá freagrach as deimhnithe clárúcháin feithicle a eisiúint ar Chóras Faisnéise Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(c) de Rialachán Uimh. 1986/2006;

4. a áirithiú go mbeidh an fheidhmiúlacht maidir le cuardach méarlorg an Chórais Aitheantais Uathoibrithe Méarlorg i gCóras Faisnéise Schengen ar fáil d'úsáideoirí deiridh ionas go mbeidh siad in ann í a úsáid nuair is gá chun céannacht duine a shuíomh i gcás nach féidir céannacht an duine sin a fhionnadh ar mhodh eile de réir Airteagal 22(3) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

5. a áirithiú nach ndéanfar foláirimh maidir le gabháil chun críoch eiseachadta, arna n-eisiúint ag an Eilvéis agus ag Lichtinstéin, a mharcáil go córasach a thuilleadh, rud a thagann salach ar Airteagal 24(1) agus Airteagal 31(2) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

6. clárú na ndoiciméad a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh i gCóras Faisnéise Schengen, ar doiciméid iad a chláraítear go mícheart mar 'arna neamhbhailiú ag an údarás eisiúna chun críocha taistil', a cheartú;

7. a áirithiú go bhfuil rochtain ar Chóras Faisnéise Schengen trí chur i bhfeidhm oibríochtúil Gardaí ag Úsáid na Mórchóras go hÉifeachtach (PULSE) ar na gléasanna móibíleacha atá in úsáid ag An Garda Síochána;

8. a áirithiú go gceadaíonn PULSE cuardach a dhéanamh i gCóras Faisnéise Schengen le huimhirphláta clárúcháin amháin faoin gcatagóir Ábhar (Ilchatagóir);

9. a áirithiú go n-úsáidfear na tuarascálacha cáilíochta sonraí a chuirfidh eu-LISA faoi bhráid oifig N.SIS ar bhonn míosúil;

10. feabhas a chur ar cháilíocht na bhfoirmeacha A Éireannach a fhaightear ón Aonad Eiseachadta, á ndearbhú go bhfuil an fhaisnéis uile is gá á líonadh isteach san áireamh, i gcomhréir le hIarscríbhinn 3 a ghabhann le Lámhleabhar SIRENE;

11. a áirithiú go mbeidh an t-éifeacht a cheanglaítear le hAirteagal 31(1) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle ag foláirimh maidir le gabhálacha a iontráiltear i gCóras Faisnéise Schengen i gcomhréir le hAirteagal 26 i gcomhar leis na sonraí breise dá dtagraítear in Airteagal 27 den Chinneadh sin ón gComhairle.

12. módúlachtaí malartacha seachas an teileafón a shainaithint chun an fhaisnéis a úsáidtear chun taifead teagmhais a chruthú in PULSE a aistriú chuig Lárionad Sheirbhís Eolais an Gharda Síochána;

13. feabhas a chur ar ord tosaíochta na dtaifead teagmhais atá ar feitheamh a bheidh le measúnú chun foláirimh a chruthú i gCóras Faisnéise Schengen, eadhon tagairtí a dhéantar do na foláirimh maidir le hábhair;

14. feabhas a chur ar an gcaoi a dtaispeántar an fhaisnéis i bhfeidhmchlár PULSE, go háirithe i gcásanna mí-úsáide céannachta agus ina bhfuil amhras faoi chlónáil;

15. a marana a dhéanamh ar nósanna imeachta a bhunú chun cros-seiceáil uathoibríoch a dhéanamh ar fhaisnéis paisinéirí aerlíne nó farantóireachta i gCóras Faisnéise Schengen sula dtiocfaidh siad;

16. a marana a dhéanamh ar léitheoirí pas a sholáthar i gCalafort Chorcaí chun seiceálacha teorann a dhéanamh, agus córas Uathaitheanta Uimhirphlátaí a bhunú i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus i gCalafort Chorcaí chun seiceálacha uathoibrithe a dhéanamh ar phlátaí ceadúnais agus ar fheithiclí i gCóras Faisnéise Schengen;

17. an t-eolas agus an fheasacht a chur chun cinn a thuilleadh maidir leis na nósanna imeachta sonracha atá le leanúint i gcás ina bhfaightear amais i gCóras Faisnéise Schengen, eadhon i gcás mí-úsáid céannachta, gníomhaíocht láithreach nó clónáil feithiclí mar aon le feabhas a chur ar conas seiceálacha a dhéanamh ar ábhair, go háirithe feithiclí, i gCóras Faisnéise Schengen.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*